



2.0 Breac-chuntas ar stair na hÉireann

Thosaigh tiarnas Shasana ar Éirinn sa dara haois déag nuair a chuir buíon fiontraithe Angla-Normannacha, a bhí lonnaithe sa Bhreatain Bheag an tráth sin, a gcosa fúthu i oirdheisceart na tíre. Ní raibh sé i bhfad go ndeachaigh rí Shasana, Anraí II i dtír ar an ionradh trí theacht go Co. Loch Garman i 1171 agus tiarnas a fháil ar chuid den tír. D'ainmnigh sé a mhac John mar Thiarna Éireann ní ba dhéanaí. Imeach na hionróirí Angla-Normannacha le muintir na hÉireann de réir a chéile áfach, agus, ar feadh na gcéadta bliana bhí rial Shasana teoranta do Bhaile Átha Cliath agus don cheantar máguaird amháin, réigiún ar a dtugtaí an Pháil go ginearálta.

Is trí ríthe agus trí bhanríonacha leathnaitheacha agus trodacha na dTúdar sa séú haois déag, go háirithe Anraí VIII agus Éilís I, ar éirigh le Sasana smacht a fháil thar an tír iomlán. As sin amach, rialaigh an Bhreatain Éire trí leasrí agus rialtas a bhí bunaithe i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, a rialaigh an státseirbhís, an córas dlí, an t-arm, agus na gardaí. Dá bhrí sin, bhí muintir na hÉireann mar aicme géillsineach ina dtír féin. Chun cobhsaíocht agus tacaíocht a sholáthar don rialtas, glacadh le beartas coilínithe. Bhí uaslathaithe nó infheisteoirí Sasanacha, in éineacht le feirmeoirí tionóntacha, lonnaithe ar thailte a coigistíodh ó mhuintir na hÉireann. Leanadh le beartas plandála na dTúdar sa seachtú haois déag, agus lean rialtas Chromail leis go háirithe, rialtas a thug os cionn leath de thalamh na hÉireann dá oifigigh airm agus d'infheisteoirí a mhaoinigh a fheachtais. De bharr dhíshealbhú na nÉireannach a raibh talamh acu agus ghalldú córasach shochaí na hÉireann, scriosadh córas ársa sóisialta na nGael agus tháinig meath ar an gcultúr dúchais agus ar an nGaeilge.

2.0 Breac-chuntas ar stair na hÉireann

Níorbh fhéidir muintir na hÉireann a iompú ó thaobh an chreidimh de áfach: in ainneoin an iompúcháin ghníomhaigh agus na géarleanúna a bhí ar siúl i dtréimhsí áirithe, lean Éire uirthi mar thír Chaitliceach den chuid is mó. Go deimhin, lean an creideamh mar ghné idirdhealaitheach idir Muintir na hÉireann, a bhí ina gCaitlicigh go príomha, agus aicme cheannais na bProtastúnach a bhí ina bplandóirí, ina riarthóirí agus ina n-oifigigh. Faoin ochtú haois déag, bhí parlaimint na hÉireann faoi smacht ag Protastúnaigh, agus bhí na Caitlicigh nach mór go hiomlán coinnithe amach uaithi. Chun staid phribhléideach a ball a chinntiú, vótáil an pharlaimint neamhionadaíoch seo chun deireadh a chur léi féin i ndiaidh thráma Éirí Amach 1798: Comhtháthaíodh Éire i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Éireann agus rialaíodh í go díreach as Londain (the Act of Union, 1800). As sin amach, níorbh é neamhspleáchas iomlán ón mBreatain an cuspóir a bhí ag náisiúnaigh mheasarta bhunreachtúla na hÉireann ach athbhunú Parlaiminte in Éirinn agus féinrialú éigin a thabhairt ar ais.


Ba é Dónall Ó Conaill (Aisghairm an Aontais c.1840-43) agus Charles Stewart Parnell (Rialtas Dúchais, c.1880-91) a stiúir na feachtais ba shuntasáí chun na críche sin. Cé gur dhírigh náisiúnaigh bhunreachtúla ar fhéinrialtas éigin a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí parlaiminte (Aisghairm nó Rialtas Dúchais), bhí neamhspleáchas iomlán de dhíth ar dhaoine eile, rud nach bhféadfaí a bhaint amach, de réir dealraimh, ach amháin leis an lámh láidir. Sna céadta roimhe sin, bhí Theobald Wolfe Tone agus na hÉireannaigh Aontaithe (1798), Roibeard Emmet (1803), na hÉireannaigh Óga (1848), agus na Fíníní (1865-67) bainteach le réabhlóidí oscailte a phleanáil nó a chur i gcrích. Ach níor éirigh le duine ar bith acu siúd dul chun cinn ar bith a dhéanamh: níorbh iontas ar bith é sin agus iad ag tabhairt aghaidh ar impireacht chumhachtach le hacmhainní ollmhóra míleata.

2.0 Breac-chuntas ar stair na hÉireann



Henry II Henry II first landed in Ireland in 1171; he was the first English monarch to gain jurisdiction over part of the country. (Ms. 700, *Topographia Hiberniae* and *Expugnatio Hibernica*, c.1200)

2.0 Breac-chuntas ar stair na hÉireann




Proclamation by Queen Elizabeth I (1599) stating that she was sending over a new army under the earl of Essex, who was to be 'the minister both of our justice and our mercy'. Elizabeth ruthlessly suppressed Irish resistance to her rule, most notably that of the earl of Desmond in Munster and of Hugh O'Neill in Ulster. (Proclamations).

2.0 Breac-chuntas ar stair na hÉireann




An artist's impression of the Irish parliament in 1790. Comprised of Protestants, the parliament primarily protected the position and interests of its members. (P&D HP (1790)).

2.0 Breac-chuntas ar stair na hÉireann




A proclamation issued by the French expedition under General Humbert which landed near Killala, Co Mayo, 2 Aug 1798. The expedition was intended to aid the insurrection planned by Theobald Wolfe Tone and the United Irishmen. The insurrection failed but it panicked the British into abolishing the Irish parliament and integrating Ireland into the United Kingdom of Great Britain and Ireland. The text refers to 'the Irish Republic' (second last line). The concept of an Irish republic originated with the French Revolution. (Proclamations).

2.0 Breac-chuntas ar stair na hÉireann



The British act of parliament which established the United Kingdom of Great Britain and Ireland (1800).

2.0 Breac-chuntas ar stair na hÉireann



The British act of parliament which established the United Kingdom of Great Britain and Ireland (1800).

2.0 Breac-chuntas ar stair na hÉireann




Daniel O'Connell (1775-1847) tried to achieve Repeal of the Union by means of mass protest in the form of 'monster meetings'. When the government threatened to suppress such meetings, O'Connell backed down to avoid loss of life and the movement for Repeal foundered. (P&D 2120 TX).

2.0 Breac-chuntas ar stair na hÉireann



Charles Stewart Parnell (1846-91). A Protestant landlord from Co Wicklow, Parnell was an extremely effective parliamentarian. By holding the balance of power, he forced Gladstone and the Liberals to introduce the first Home Rule bill (1886). It was defeated by an alliance of Conservatives, Irish Unionists and dissident Liberals. (P&D EP PARN-CH(1) III).

2.0 Breac-chuntas ar stair na hÉireann



James Stephens (1824-1901). On 17 March 1858 he established the Irish Republican Brotherhood which was committed to securing an Irish republic, by force if necessary. Members of the Irish Republican Brotherhood would eventually organise the 1916 Rising. (United Ireland, 3 Oct 1891).